**CGC**
**Foirm B**

# Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)
# Íocaíocht dlite 31 Eanáir, 2024

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

**CÉARD IAD NA HÍOCAÍOCHTAÍ CGC ATÁ DLITE AR 31 EANÁIR, 2024**
An méid cánach atá dlite i leith gnóthachain chaipitiúla a rinne tú ar dhiúscairtí sa tréimhse 1 Nollaig 2023 go 31 Nollaig 2023.

**CGC A CHUR SAN ÁIREAMH AR DO THUAIRISCEÁN CÁNACH FÉINMHEASÚNAITHE**
Chomh maith le d'íocaíocht, iarrtar ort freisin tuairisceán i leith gnóthachan caipitiúil a dhéanamh ar an bhfoirm um an tuairisceán bliantúil ioncaim ar 31 Deireadh Fómhair nó roimhe sa bhliain tar éis na bliana cánach ina ndéantar an diúscairt. Más rud é nach n-iarrtar ort go hiondúil tuairisceán cánach ioncaim a thíolacadh, ba chóir duit do thuairisceán gnóthachan caipitiúil a dhéanamh ar fhoirm CG1. Féadtar foirm tuairisceáin a fháil ó d'oifig cánach, ó Sheirbhís Foirmeacha agus Bileog na gCoimisinéirí Ioncaim, nó ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie**.

**ÍOCAÍOCHT CGC A DHÉANAMH**
Féadann custaiméirí atá cláraithe le haghaidh Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) íocaíochtaí a dhéanamh ar ROS. Féadann custaiméirí nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS íocaíocht a dhéanamh ar moChúrsaí (féach lastall le haghaidh sonraí ar mhodhanna íocaíochta).

Féadfaidh custaiméirí nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS an fhoirm seo a úsáid freisin tríd duillín pá a chomhlánú, chun críocha íocaíocht Cáin Ghnóchan Caipitiúil a dhéanamh le seic amháin don tréimhse 1 Nollaig 2023 go 31 Nollaig 2023 . Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach Sarfield, Sráid Phroinsias, Luimneach, V94 R972.

**Tabhair do d'aire nach tuairisceán cánach í an fhoirm seo**. Má thíolacann tú an fhoirm seo, iarrtar ort fós tuairisceán i leith an ghnóthachain chaipitiúil a thabhairt mar atá thuas.

Tá sé tábhachtach go n-íoctar an méid ceart Cánach Gnóthachan Caipitiúil agus go n-íoctar in am é. Má loictear é seo a dhéanamh, éireoidh táillí úis aníos.

---

## CÁIN GNÓTHACHAN CAIPITIÚIL (CGC) B

**Ainm:** ____________________

**Uimhir PSP:** [ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ]

Gheobhaidh tú d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí ar do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach.

**Seoladh:** ____________________

Cuir isteach méid na Cánach Gnóthachan Caipitiúil sa réimse cuí thíos le haghaidh na tréimhse léirithe.

**Síniú:** ____________________

**Dáta:** ____________________

**Méid na híocaíochta le haghaidh 01/12/23- 31/12/23**

[ ][ ] , [ ][ ][ ] , [ ][ ][ ] **.00**

Euro iomlán amháin - ná cuir cent isteach

# Cáin Gnóthachan Caipitiúil

## MODHANNA ÍOCAÍOCHTA

Féadtar íocaíocht a dhéanamh i leith dliteanas cánach trí cheann amháin de na modhanna seo a leanas:

### 1. Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Féadfaidh custaiméirí ROS íocaíochtaí a dhéanamh ar líne trí ROS. Chun teacht ar ROS, nó chun clárú le haghaidh ROS, cliceáil ar an nasc ROS ar leathanach baile na gCoimisinéirí Ioncaim ar www.revenue.ie.

### 2. moChúrsaí

Féadfaidh custaiméirí moChúrsaí íocaíochtaí a dhéanamh ar líne trí chliceáil ar an nasc moChúrsaí ar leathanach baile na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadtar clárú le haghaidh moChúrsaí ar an nasc "Cláraigh le haghaidh moChúrsaí" ar www.revenue.ie. Beidh do UPSP agus pasfhocal ag teastáil chun íocaíocht a dhéanamh. Féadtar moChúrsaí a úsáid chun íocaíocht CGC a dhéanamh má tá tú cláraithe cheana féin le haghaidh CGC nó má bhí tú cláraithe roimhe seo le haghaidh CGC, ach úsáid a bhaint as:

- cárta dochair nó cárta creidmheasa
- dochar aon uaire – 'Treoir Dochair Aonair' – ag baint úsáid as cuntas bainc

## AN TÁBHACHT LE HÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

- Cinntigh go gcuireann tú a dhóthain ama ar leataobh – trí lá ar a laghad – le go mbainfidh d'íocaíocht oifig an Ard-Bhailitheora amach faoin dáta dlite.
- Gearrtar muirear úis ar cháin a íoc go déanach.
- Má loictear dliteanas cánach a íoc, nó íocaíocht a dhéanamh in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú éigeantach tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe.

**Tá costais ag baint le bailiú éigeantach, ar bharr aon ús a ghearrtar.**

## FIOSRUITHE

Ba chóir fiosruithe maidir le dliteanais a chur chuig d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.
Ba chóir gach fiosrú maidir le híocaíochtaí a chur faoi bhráid Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972, nó de rogha air sin féadtar teagmháil a dhéanamh leis an oifig seo ar (01) 7383663.

*Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.*

*Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.*